2026/725

25.3.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/725 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Márta 2026

lena gcláraítear ainm i gclár na n-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus na dtásc geografach faoi chosaint ('Kayseri Pastırması' (TGFC))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(3), pointe(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 90(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), lena ndearnadh Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 a aisghairm, leanfaidh an Rialachán sin de bheith infheidhme maidir le hiarratais ar chlárú tásc geografach le haghaidh táirgí talmhaíochta agus bia-earraí a fuair an Coimisiún agus a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* roimh an 13 Bealtaine 2024.

(2) An 5 Aibreán 2023, fuair an Coimisiún iarratas ón Tuirc ('an t-iarratasóir') an t-ainm 'Kayseri Pastırması' a chlárú mar Thásc Geografach faoi Chosaint (TGFC).

(3) De bhun Airteagal 50(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, scrúdaigh an Coimisiún an t-iarratas ón Tuirc an t-ainm 'Kayseri Pastırması' a chlárú mar TGFC.

(4) An 9 Feabhra 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas an t-ainm 'Kayseri Pastırması' a chlárú mar TGFC in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]) mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

(5) An 16 Aibreán 2024, fuair an Coimisiún ráiteas freasúra réasúnaithe ón mBulgáir ('an freasúróir'). Tar éis don Choimisiún an ráiteas freasúra réasúnaithe a scrúdú agus a chinneadh go raibh sé inghlactha, i gcomhréir le hAirteagal 51(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d'iarr sé ar an Tuirc agus ar an mBulgáir, trí litir dar dáta an 11 Meitheamh 2024, dul i mbun comhairliúcháin iomchuí d'fhonn teacht ar chomhaontú. An 30 Lúnasa 2024, arna iarraidh sin don Tuirc, chuir an Coimisiún síneadh 3 mhí breise leis an sprioc-am le haghaidh comhairliúcháin.

(6) An 11 Eanáir 2025, ag deireadh na gcomhairliúchán idir an Tuirc agus an Bhulgáir, thug an t-iarratasóir fógra don Choimisiún faoi thoradh na gcomhairliúchán, fógra inar léiríodh nár thángthas ar chomhaontú leis an bhfreasúróir. Chuimsigh an t-iarratasóir an fhaisnéis uile a malartaíodh agus mhínigh sé a sheasamh agus léirigh sé gur féidir leanúint de na hainmneacha 'Кайсер пастърма'/'Кайзер пастърма' agus 'Кайсерована пастърма'/'Кайзерована пастърма' ('Kaiser pastarma'/'Kaizer pastarma' agus 'Kaiserovana pastarma'/'Kaizerovana pastarma') a úsáid gan sárú a bheith déanta ar chosaint an ainm chláraithe. An 26 Lúnasa 2025, thug an freasúróir fógra don Choimisiún go measann sé gur féidir leis an dá ainm a bheith ann i gcomhthráth.

(7) In éagmais comhaontú, tá an Coimisiún le gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena ndéanfar cinneadh maidir leis an gclárú i gcomhréir le hAirteagal 52(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, lena gcuirfear torthaí na gcomhairliúchán sin san áireamh.

(8) Is pastrami mairteola é 'Kayseri Pastırması' a tháirgtear i gcúige Kayseri sa Tuirc. Tá an nasc idir 'Kayseri Pastırması' agus an limistéar geografach bunaithe ar an gcáil atá ar an táirge a bhuí le saineolas na dtáirgeoirí ar na comhábhair a roghnú agus a ullmhú agus ar na céimeanna éagsúla den phróiseas táirgthe a thugann an blas agus an dea-bholadh sainiúil don táirge

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

([3]) IO C, C/2024/1464, 9.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1464/oj.

(9) Is féidir an achoimre seo leanas a thabhairt ar argóintí na Bulgáire mar a leagtar amach iad ina ráiteas freasúra réasúnaithe agus sna comhairliúcháin a rinneadh leis an Tuirc.

(10) Mhaígh an Bhulgáir go ndéanfadh clárú an ainm 'Kayseri Pastırması' dochar do tháirge ar a dtugtar 'Кайсер пастърма'/'Кайзер пастърма' agus 'Кайсерована пастърма'/'Кайзерована пастърма' ('Kaiser pastarma'/'Kaizer pastarma' agus 'Kaiserovana pastarma'/'Kaizerovana pastarma'), ar cineál pastrami é a tháirgtear sa Bhulgáir. Thagair an Bhulgáir d'Airteagal 10(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ina sonraítear go mbeidh ráiteas freasúra réasúnaithe inghlactha má léiríonn sé go ndéanfadh clárú an ainm a mholtar dochar d'ainm nó do thrádmharc atá comhionann go hiomlán nó i bpáirt nó do tháirgí atá ar an margadh go dleathach le 5 bliana ar a laghad.

(11) Sa chomhthéacs sin, d'áitigh an Bhulgáir ina freasúra go bhfuil na hainmneacha a úsáidtear sa Bhulgáir cosúil leis na hainmneacha a chuir an Tuirc isteach lena gclárú. Mar sin féin, níor cheistigh an Bhulgáir an ceart 'Kayseri Pastırması' a chlárú ach bhí sé d'aidhm aici cearta táirgeoirí 'Кайсер пастърма'/'Кайзер пастърма' agus 'Кайсерована пастърма'/'Кайзерована пастърма' ('Kaiser pastarma'/'Kaizer pastarma' agus 'Kaiserovana pastarma'/'Kaizerovana pastarma') a chosaint, táirge a bhfuil traidisiún táirgthe seanbhunaithe aige sa Bhulgáir. Sa chomhthéacs sin, chuir an Bhulgáir in iúl na difríochtaí idir táirgí na Bulgáire agus na Tuirce, i dtéarmaí comhábhar, teicneolaíochta táirgthe, tréithe orgánaileipteacha agus suímh ar an margadh.

(12) Ina theannta sin, chuir an Bhulgáir in iúl go bhfuil an modh táirgthe agus na hamhábhair a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge Bhulgáraigh ar a dtugtar 'Пастърма говежда' ('Pastarma govezhda'), a áirítear i gClár na Sainearraí Traidisiúnta faoi Ráthaíocht, cosúil le 'Kayseri Pastırması'.

(13) D'áitigh an Bhulgáir freisin go dtáirgtear táirge ar a dtugtar 'Kayseri Pastırması' i roinnt Ballstát, go príomha sa Ghearmáin, sa Bheilg agus sa Fhrainc, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh clárú 'Kayseri Pastırması' mar TGFC difear a dhéanamh do tháirgeadh táirgí ar a dtugtar 'Kayseri Pastırması' sna tíortha sin.

(14) Chuir an Tuirc na difríochtaí i mbrí na n-ainmneacha in iúl, agus chuir sí i dtábhacht go háirithe go mbaineann an t-ainm Turcach le tionscnamh geografach, cé gur don mhodh táirgthe a thagraítear leis na hainmneacha Bulgáracha. Chuir an Tuirc i dtábhacht go bhfuil difríocht idir na comhábhair a úsáidtear agus an modh táirgthe, agus go bhfuil 'Kayseri Pastırması' á dhíol ar mhargadh an Aontais le fada an lá agus go bhfuil siad araon ar an bhfód le blianta fada anuas. Tháinig an t-iarratasóir ar an gconclúid gur féidir leis na hainmneacha atá i gceist leanúint de bheith ar an margadh in éineacht.

(15) Rinne an Coimisiún measúnú ar na hargóintí a sholáthair an Bhulgáir ina ráiteas freasúra réasúnaithe i bhfianaise forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, agus an fhaisnéis a fuair sé maidir leis na comhairliúcháin idir an t-iarratasóir agus an freasúróir á cur san áireamh aige, agus tháinig sé ar na conclúidí seo a leanas.

(16) A mhéid a bhaineann leis an gcéad phointe a tharraing an Bhulgáir anuas, i gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, 'féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gceadófar idirthréimhse suas le cúig bliana do tháirgí ar lena linn is féidir leanúint d'ainmniúchán faoina ndearnadh táirge a mhargú a úsáid i gcás táirgí de thionscnamh Ballstáit nó tríú tír, ar ainmniúchán é a chuimsíonn ainm atá contrártha d'Airteagal 13(1) nó ina bhfuil ainm den sórt sin, ar choinníoll go dtugtar an méid seo a leanas le fios i ráiteas freasúra atá inghlactha faoi Airteagal 49(3) nó Airteagal 51: (a) go gcuirfeadh clárú an ainm ainm eile atá comhionann go hiomlán nó i bpáirt i gcontúirt (…)'.

(17) Sa chás sin, tar éis na gcomhairliúchán leis an Tuirc, cé nár tharraing sí siar a freasúra go foirmiúil, chuir an Bhulgáir in iúl go bhféadfadh an dá ainm a bheith ann in éineacht, dar léi. Chuir an Bhulgáir an Coimisiún ar an eolas freisin gur mheas sí nach mbeadh idirthréimhse iomchuí. Chuir an Tuirc in iúl freisin gur féidir leis an dá ainm a bheith ann in éineacht. Ós rud é nár léirigh an Bhulgáir go ndéanfadh an clárú dochar d'ainm na Bulgáire, agus gan dochar don mheasúnú ar chomhlíonadh ainm na Bulgáire le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, measann an Coimisiún nár cheart idirthréimhse a dheonú.

(18) A mhéid a bhaineann leis an tagairt a rinne an Bhulgáir do 'Пастърма говежда' ('Pastarma govezhda') Sainearra Traidisiúnta faoi Ráthaíocht (STR) a bhfuil modh táirgthe agus amhábhar comhchosúil le 'Kayseri Pastırması' aige, ba cheart a thabhairt faoi deara nár sholáthair an Bhulgáir aon argóint ná réasúnaíocht dhlíthiúil ina leith sin. Ar

mhaithe le soiléireacht, ba cheart a mheabhrú gur mheas an Coimisiún, tráth a cláraíodh 'Пастърма говежда' mar STR, go dtáirgtear 'Kayseri Pastırması' agus táirgí feola eile ar a dtugtar 'pastarma' nó 'pastirma', nó ainmneacha comhchosúla eile, trí úsáid a bhaint as modhanna táirgthe atá éagsúil leis an modh táirgthe a áirítear i sonraíocht táirge 'Пастърма говежда' (Pastarma govezhda) ([4]).

(19) A mhéid a bhaineann le húsáid an ainm 'Kayseri Pastırması' a bheith ag ainmniú táirgí a tháirgtear i dtíortha Eorpacha eile, mar a chuir an Bhulgáir isteach ina ráiteas freasúra réasúnaithe, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuair an Coimisiún ráitis freasúra réasúnaithe a bhaineann le húsáid 'Kayseri Pastırması' ó na tíortha sin.

(20) Dá réir sin, ba cheart an t-ainm 'Kayseri Pastırması' a chlárú i gclár na n-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint.

(21) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta maidir le táirgí talmhaíochta, fíon agus deochanna biotáilleacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an t-ainm 'Kayseri Pastırması' (TGFC) a chur isteach i gclár an Aontais um thásca geografacha dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/1143.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Márta 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1106 ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2017 lena gcláraítear ainm i gclár na sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht (Пастърма говежда (Pastarma govezhda) (STR)) (IO L 160, 22.6.2017, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1106/oj).